Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14534/21**

**CULT 113**
**SUSTDEV 172**
**ENV 942**
**SOC 709**
**EMPL 531**
**RECH 545**
**EDUC 404**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13575/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt) ag an gcruinniú a bhí aici an 29-30 Samhain 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR A LEANAS,

Ag admháil di na céimeanna atá tugtha cheana ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit chun feabhas a chur ar an ról tábhachtach atá ag an gcultúr, ag an ailtireacht agus an timpeallacht thógtha ardcháilíochta ar an gclár oibre polaitiúil agus chun oidhreacht Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 a áirithiú, chomh maith leis an tionchar marthanach atá aici ar ár sochaithe agus ar na glúine atá le teacht,

Á mheabhrú di na príomhthagairtí polaitiúla mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo iad,

Ag tógáil ar an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022, go háirithe ar Thosaíocht B (‘Comhtháthú agus folláine’), agus na gníomhaíochtaí ar an ábhar ‘ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta do chách’,

IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh Bauhaus nua Eorpach (NEB), agus sa chomhthéacs sin

CUIREANN SÍ AN MÉID A LEANAS I dTREIS

1. Is iad an ailtireacht agus an timpeallacht thógtha na cabhraíochtaí de chultúr reatha, de bhealaí maireachtála agus de luachanna an ama atá caite agus atá anois ann. Bunaíonn siad an stoc dár n-oidhreacht chultúrtha sa todhchaí agus rannchuidíonn siad lenár sochaithe agus ár bhféiniúlachtaí a mhúnlú.

2. Is léiriú é an timpeallacht thógtha[1] ar phobal, agus tá an fhreagracht as a cáilíocht fhoriomlán faoi chúram na gcomhlachtaí earnála poiblí ábhartha agus na ngeallsealbhóirí eile, ag obair i ndlúthchomhar leis na saoránaigh uile.

1 Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn

3. Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh forbairt an stoic foirgneamh atá ann cheana – trí athbhunú, athchóiriú, athúsáid oiriúnaithe agus caomhnú – agus cruthú foirgneamh agus spásanna nua ar ardcháilíocht.

4. Tá ról lárnach ag ailtirí, *inter alia*, i ngach céim d'fhorbairt na hailtireachta agus na timpeallachta maireachtála ardcháilíochta agus, dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú ar bhealach suntasach le leas an phobail trí éagsúlacht chríochach agus riachtanais na sochaí sibhialta a chur san áireamh.

5. Cuireann an cultúr, an ailtireacht[2] agus an timpeallacht thógtha ardcháilíochta le spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFIanna)[3] na Náisiún Aontaithe a bhaint amach ar go leor bealaí. Is féidir leo rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[4] agus é mar aidhm aige faoi 2050 gurb í an Eoraip an chéad ilchríoch aeráidneodrach a bheidh ann.

6. Is tionscnamh trasdisciplíneach é NEB ina gcuimsítear trí ghné idirnasctha: aeistéitic, inbhuanaitheacht agus cuimsiú. Braitheann sé ar chur chuige rannpháirtíochta agus tá sé mar aidhm aige go mbeidh gach duine ar fud an Aontais rannpháirteach, lena n-áirítear daoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus leis an gcuspóir atá ag an gComhaontú Glas don Eoraip gan aon duine a fhágáil ar lár**.**

7. Tá tionscnamh NEB bunaithe ar Bauhaus bunaidh[5], a raibh cur chuige iomlánaíoch inbhuanaithe ardcháilíochta cuimsitheach aige i leith an dearaidh, na hailtireachta agus na healaíne.

---

[2] Mar a shainítear leis na 8 gcritéar in Uirlis Cáilíochta Baukultur Davos

[3] Mar a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe (féach an tagairt san Iarscríbhinn)

[4] https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga

[5] Is é Bauhaus (Weimar, Dessau agus Beirlín, 1919-1933) an Scoil Ailtireachta, Dearaidh agus Ealaíne is mó tionchar sa 20ú haois.

8. Agus oidhreacht éagsúil chultúrtha na hEorpa á hurramú, tá sé mar aidhm ag tionscnamh NEB comhthéacs cumasúcháin a chruthú chun an timpeallacht mhaireachtála a athrú ó bhonn agus ár slí mhaireachtála a dhéanamh níos áille inbhuanaithe cuimsithí, *inter alia* tríd an nuálaíocht agus tríd an ailtireacht ardcháilíochta[6], an dearadh**,** an t-uirbeachas, agus go leor réimsí ealaíne agus cruthaitheacha eile**.**

9. Is tagarmharc tábhachtach í oidhreacht chultúrtha agus ailtireachta na hEorpa do chaighdeán taithíoch agus fisiciúil ár dtimpeallachta tógtha. Is sócmhainn láidir í freisin ar féidir léi comhtháthú sóisialta, nuálaíocht, claochlú agus athghiniúint a spreagadh agus a chothú. Dá bhrí sin, aithnítear le tionscnamh NEB a thábhachtaí atá ár n-oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta, ár dtírdhreacha agus ár n-oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe.

10. I ngeall ar chineál ilghnéitheach na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha ardcháilíochta, teastaíonn comhar trasearnálach, rannpháirtíocht, comhchruthú agus cineálacha cur chuige trasdisciplíneacha, go háirithe ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus an chomhleanúnachais bheartais de.

11. Spreag paindéim COVID-19 slógadh maoiniúcháin ar gach leibhéal rialachais, *inter alia* le haghaidh ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta. Ba cheart na hacmhainní airgeadais sin a úsáid ar bhealach inbhuanaithe cáilíochtdírithe, i gcomhréir le prionsabail Uirlis Cháilíochta Baukultur Davos (DBQT) le moltaí ón ngrúpa saineolaithe MOC[7] agus le Prionsabail athbhreithnithe Cáilíochta ICOMOS maidir le hidirghabhálacha arna maoiniú ag an Aontas agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht chultúrtha[8].

---

[6] Lena n-áirítear ailtireacht intí agus tírdhreacha agus pleanáil spáis

[7] Meitheal um an Modh Oscailte Comhordúcháin (MOC) de shaineolaithe na mBallstát ar ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta do chách.

[8] Prionsabail cháilíochta Eorpacha le haghaidh idirghabhálacha arna maoiniú ag an Aontas a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht chultúrtha - eagrán nuashonraithe ICOMOS: https://www.icomos.org/en/about-icomos/committees/regional-activities-europe/90984-quality-principles-new-version-available

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

12. An ról atá ag an gcultúr agus ag an oidhreacht chultúrtha mar dhlúthchuid den timpeallacht thógtha agus mhaireachtála a athdhearbhú, agus iad mar rannchuidiú tábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an geilleagar ciorclach, don chomhtháthú sóisialta agus críochach, don chomhshaol, do spriocanna bithéagsúlachta agus aeráide, don rathúnas agus do dhea-bhail gach duine san Eoraip.

13. Sineirgí iomchuí a éascú idir tionscnamh NEB agus próisis eile lena dtugtar páirt do mhuintir na hEorpa, amhail an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[9], chomh maith le straitéisí agus pleananna gníomhaíochta eile lena gcuirtear cáilíocht ailtireachta agus aeistéitiúil chun cinn, amhail an tionscnamh "Rabharta Athchóiriúcháin"[10], agus inrochtaineacht, amhail an *Strategy for the rights of persons with disabilities 2021-2030* [Straitéis do chearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030][11].

14. Rannchuidiú le tuiscint iomlánaíoch agus cultúr comhroinnte na hailtireachta ardcháilíochta a chruthú trí fheasacht a mhúscailt a thuilleadh, e.g. trí oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta ó aois luath, agus trí fhaisnéis faoi thionscnamh NEB agus faoi ról an chultúir, na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha ardcháilíochta ann a chur chun cinn agus a scaipeadh go forleathan.

15. Oibriú i dtreo fís fhadtéarmach atá iomlánaíoch, cuimsitheach, trasdisciplíneach, faoi stiúir ardcháilíochta, fadtéarmach don ailtireacht agus don timpeallacht thógtha trí bheartais éagsúla agus saineolas éagsúil a chomhtháthú sna próisis, sna treoirlínte agus sna tionscadail chomhchruthaithe uile lena ndéantar ár dtimpeallacht mhaireachtála a mhúnlú, lena n-áirítear an tuarascáil ó ghrúpa saineolaithe MOC[12].

9 https://futureu.europa.eu/?locale=en
10 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_20_1835
11 https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=ga&pubId=8376&furtherPubs=yes
12 Féach an tagairt atá san Iarscríbhinn

16. Cur chuige atá dírithe ar ardcháilíocht a chur san áireamh lena n-áirítear na prionsabail cháilíochta arna leagan amach sa DBQT[13] mar bhonn do roghanna agus do chinntí eolasacha le linn shaolré iomlán na struchtúr tógtha, agus maidir le pleanáil agus bainistíocht tírdhreacha (ceapadh, pleananna infheistíochta, sásraí cistiúcháin, bearta tacaíochta, próisis phleanála, cothabháil, athchóiriú, caomhnú, athúsáid oiriúnaitheach, scartáil agus athchúrsáil).

17. Fás inbhuanaithe, cáilíocht mhaireachtála agus nuálaíocht a chur faoi limistéir uirbeacha agus thuaithe na hEorpa trí chritéir iomlánaíocha, ardcháilíochta, mar aon le modhanna comhchruthaithe agus prionsabail ICOMOS a chur i bhfeidhm chun tacaíocht airgeadais ón Aontas a sholáthar do thionscadail ailtireachta agus timpeallacht thógtha i gcás inarb iomchuí.

18. Barrfheabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh atá ag an stoc reatha foirgneamh a chur chun cinn trí chur chuige iomlánaíoch, agus critéir DBQT uile á n-urramú ag an am céanna, lena n-áirítear caomhnú na hoidhreachta tógtha.

19. Réitigh a fhiosrú chun rochtain ar thithíocht inacmhainne chuibhiúil a chumasú, go háirithe do dhaoine óga atá ag dul isteach sa mhargadh saothair, agus do ghrúpaí sóisialta leochaileacha eile.

20. Prionsabail an chomhchruthaithe rannpháirtíochta a áireamh trí na geallsealbhóirí ábhartha uile a bheith rannpháirteach i bpróisis amhail an chinnteoireacht, pleanáil, dearadh agus tógáil a ghabhann leis an timpeallacht thógtha, leis an timpeallacht mhaireachtála agus leis an bpleanáil spáis ar gach leibhéal rialachais ábhartha.

21. Cur chuige a chur chun cinn lena n-urramaítear idirphlé idir an oidhreacht chultúrtha atá ann cheana, an socrú tírdhreacha agus an chruthaitheacht chomhaimseartha, lena n-áirítear trí athúsáid oiriúnaitheach i gcás inarb ábhartha.

[13] Rialachas, feidhmiúlacht, comhshaol, geilleagar, éagsúlacht, comhthéacs, ómós áite agus áilleacht

22. Creataí fabhracha a chruthú d’ailtireacht ardcháilíochta chun taca a chur faoi rialacha an tsoláthair phoiblí, an rialáil a shimpliú agus nósanna imeachta nuálacha lena gcothaítear cur chuige ardcháilíochta seachas cur chuige bunaithe ar chostas amháin trí na dea-chleachtais a leanúint maidir le hailtireacht phoiblí, ailtireacht tírdhreacha agus comórtais pleanála spáis a dhéanamh.

23. Feasacht, eolas agus inniúlachtaí lucht déanta cinntí agus sainfhoirne a chur chun cinn agus a neartú a thuilleadh ar gach leibhéal rialachais ábhartha, lena n-áirítear saineolaithe teicniúla agus conraitheoirí, chun a chur ar a gcumas siúd critéir agus caighdeáin ardcháilíochta a úsáid ina gcinntí a bhaineann leis an ailtireacht agus leis an timpeallacht thógtha do chách.

24. An úsáid is fearr dar féidir a bhaint as cláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais a chur chun cinn agus as uirlisí maoiniúcháin eile atá ar fáil chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- caighdeáin ardcháilíochta a chur i bhfeidhm agus a mhéadú i ndáil le pleanáil, dearadh, tógáil, caomhnú, athbhunú, athchóiriú agus próisis athúsáide oiriúnaitheacha;

- breis feabhais a chur ar oiliúint agus scileanna ailtirí agus gairmithe gaolmhara amhail innealtóirí sibhialta, ailtirí tírdhreacha, pleanálaithe spáis, dearthóirí, ealaíontóirí, saineolaithe oidhreachta, caomhnóirí agus athchóiritheoirí, caomhnóirí dúlra, conraitheoirí tógála etc., ní hamháin mar speisialtóirí i ngairmeacha aonair, ach freisin ina gcáil mar oideachasóirí agus taighdeoirí a bhfuil mórthuiscint acu ar na dúshláin, i gcomhthéacs chomhtháthú na hinbhuanaitheachta, cháilíocht na taithí agus an chuimsithe shóisialta.

25. Coinneáil leis agus leanúint leis an bpróiseas machnaimh agus malartaithe maidir le róil chultúrtha, shóisialta, eacnamaíocha agus éiceolaíocha na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha ardcháilíochta.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

26. Feabhas a chur ar an gcomhtháthú beartais ar mhaithe leis an ailtireacht agus an timpeallacht thógtha ardcháilíochta trí chomhordú iomchuí a dhéanamh idir na haireachtaí agus na leibhéil riaracháin, na gníomhaireachtaí agus na seirbhísí ábhartha ar fad chun cur chuige cáilíochtbhunaithe iomlánaíoch a leabú sna beartais agus sna gníomhaíochtaí uile a mbíonn tionchar acu ar an timpeallacht thógtha agus ar an timpeallacht mhaireachtála.

27. Príomhshruthú NEB agus na bprionsabal agus na gcur chuige maidir leis an ngeilleagar ciorclach sna straitéisí forbartha socheacnamaíocha náisiúnta agus críochacha, lena n-áirítear dearadh agus ailtireacht inbhuanaithe, a chur chun cinn**.**

28. Grúpaí comhairleacha saineolaithe d'ailtirí agus de ghairmithe ábhartha eile, amhail Foirne Ailtireachta Stáit agus Cathrach[14], a bhunú agus tacú leo, ar na leibhéil rialachais iomchuí, chomh maith le nósanna imeachta atá dírithe ar ardcháilíocht chun cuimsiú na n-inniúlachtaí gairmiúla agus na scileanna riachtanacha i bpróisis chinnteoireachta a áirithiú nó a neartú chun torthaí atá dírithe ar ardcháilíocht a bhaint amach.

29. Eintiteas a ainmniú mar phointe teagmhála do thionscnamh NEB agus teagmháil a dhéanamh leis na pobail éagsúla ar an leibhéal áitiúil, ag leanúint cur chuige áitbhunaithe[15], chun rannpháirtíocht comhaltaí uile na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí ábhartha, de réir mar is iomchuí, a lorg.

30. Na gníomhaithe sin a chuireann gnéithe cultúrtha agus cáilíochtúla na timpeallachta tógtha agus na timpeallachta maireachtála chun cinn do chách, ba cheart iad a chumasú agus an tacaíocht iomchuí a chur ar fáil dóibh.

**14** Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn
**15** Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

31. Glacadh DBQT – ina bhfuil ocht gcinn de chritéir cháilíochta – a éascú in infheistíochtaí ábhartha, i gcreataí rialála agus i gcláir chistiúcháin an Aontais, agus na prionsabail cháilíochta sin a chur i bhfeidhm ina cháil mar úinéir, mar fhorbróir agus mar úsáideoir maoine.

32. Deiseanna taighde, fothú acmhainneachta agus piarfhoghlaim a chur ar fáil i réimsí an chultúir, na hailtireachta agus na timpeallachta tógtha ardcháilíochta do chách i gcláir ábhartha uile de chuid an Aontais.

33. Sineirgí a lorg idir rialacháin, cláir agus beartais ábhartha reatha de chuid an Aontais agus atá beartaithe d'fhonn an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a dhéanamh comhsheasmhach le prionsabail agus le cuspóirí NEB, mar aon le comhar agus cinnteoireacht thrasdisciplíneach a phríomhshruthú.

34. Faisnéis agus rochtain ar ionstraimí airgeadais atá ar fáil a éascú chun tacú le tionscadail a bhaineann le timpeallacht mhaireachtála ar ardcháilíocht, lena n-áirítear tionscnaimh ar mionscála ar an talamh agus tionscadail in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

35. An chothromaíocht gheografach a chur san áireamh, mar aon le héagsúlacht gheografach, aeráide, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Aontais, agus straitéisí, tionscadail agus gníomhaíochtaí NEB á ndearadh agus á gcur chun feidhme aige.

36. Sineirgí a chur chun cinn idir an ealaín, an ailtireacht, an ailtireacht tírdhreacha agus intí, an phleanáil spáis, an dearadh agus an cheardaíocht, chomh maith le samhlacha nuálacha oiliúna d'ailtirí agus do ghairmithe gaolmhara eile, lena n-áirítear oiliúint maidir le teicneolaíocht dhigiteach cheannródaíoch.

37. Feidhm na láithreán stairiúil a chur chun cinn i dtaobh timpeallacht fhisiciúil na bpobal áitiúil a fheabhsú, idir thimpeallacht atá ann cheana agus thimpeallacht atá ag teacht chun cinn, trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha úrscothacha chun an timpeallacht thógtha agus mhaireachtála a dhoiciméadú agus a chur i láthair.

38. Feasacht agus comhar trasearnála a neartú trí thionscnamh NEB, Dearbhú Davos agus Prionsabail ICOMOS a chur chun cinn i measc earnálacha ábhartha beartais, go háirithe na hearnálacha sin a mbíonn lámh acu i múnlú na timpeallachta tógtha agus maireachtála.

39. Tuairisciú go rialta don Chomhairle agus/nó dá comhlachtaí ullmhúcháin, agus do na heintitis ar cuireadh mar chúram orthu a bheith ina bpointí teagmhála do NEB, maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta i dtaobh tionscnamh NEB a chur chun feidhme, agus malartú dea-chleachtas a éascú i measc na mBallstát i ndáil le hobair leantach ar an tionscnamh ar an leibhéal náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

### A. TAGAIRTÍ

Sa chomhthéacs sin, meabhraítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh

1. Airteagal 167 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

2. Obair agus tuarascáil ghrúpa MOC dar teideal *High-quality architecture and Built Environment for Everyone (2020-2021)* [Ailtireacht agus Timpeallacht Thógtha Ardcháilíochta do Chách (2020-2021)] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/bd7cba7e-2680-11ec-bd8e-01aa75ed71a1/language-en

3. An Chairt Eorpach um an Oidhreacht Ailtireachta, 1975

4. An Coinbhinsiún maidir le hoidhreacht ailtireachta na hEorpa a chosaint - Coinbhinsiún Granada (1987)

5. An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, 2000

6. Rún ón gComhairle an 12 Feabhra 2001 maidir le cáilíocht ailtireachta i dtimpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe (IO C 73, 6.3.2001, lch. 6)

7. Na conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2008 maidir le hailtireacht: rannchuidiú an chultúir leis an bhforbairt inbhuanaithe (IO C 319, 13.12.2008, lch. 13)

8. Na conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr 2019-2022 (2018/C 460/10)

9. Na conclúidí ón gComhairle an 26 Samhain 2012 maidir le Rialachas Cultúir (2012/C 393/03)

10. An Ráiteas Comhpháirteach *Heritage, Contemporary Architecture and design in Interaction*[An caidreamh idir an Oidhreacht, an Ailtireacht Chomhaimseartha agus an dearadh Comhaimseartha] a glacadh ag Comhdháil Ríge an 13 Márta 2015

11. Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 dar teideal *Transforming our world: Agenda for Sustainable Development* [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] (A/RES/70/01)

12. *The Urban Agenda for the EU – Pact of Amsterdam* [An Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach – Comhaontú Amstardam] (arna sheoladh in 2016) (http://urbanagendaforthe.eu/pactofamsterdam/ )
13. An Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A long-term Vision for the EU's Rural Areas - Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh - i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] - COM(2021) 345 final
14. *The Davos Declaration 'Towards a European vision of high-quality Baukultur'* [Dearbhú Davos - 'I dtreo Baukultur ardchaighdeáin don Eoraip'], a glacadh ag Comhdháil na nAirí Cultúir (Davos, an 20-22 Eanáir 2018) (https://davosdeclaration2018.ch/media/Context-document-en.pdf )
15. *The Davos Baukultur Quality System* [Córas Cáilíochta Baukultur Davos], a foilsíodh i mí na Bealtaine 2021 (https://davosdeclaration2018.ch/quality-system/ )
16. *The New Leipzig Charter - The transformative power of cities for the common good* [Cairt Nua Leipzig - Cumhacht chlaochlaitheach na gcathracha a neartú ar mhaithe leis an leas coiteann], a glacadh ag Cruinnithe Neamhfhoirmiúla Aireachta a eagraíodh an 30 Samhain 2020 (https://ec.europa.eu/regional_policy/en/newsroom/news/2020/12/12-08-2020-new-leipzig-charter-the-transformative-power-of-cities-for-the-common-good )
17. *European quality principles for EU-funded interventions with potential impact upon cultural heritage* [Prionsabail cháilíochta Eorpacha le haghaidh idirghabhálacha atá maoinithe ag an Aontas Eorpach a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht chultúrtha] (leagan nua 2021) de chuid ICOMOS (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Láithreáin) (http://openarchive.icomos.org/id/eprint/2436/ )
18. An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2021 dar teideal *New European Bauhaus: Beautiful, Sustainable, Together* [Bauhaus Nua Eorpach: Ealaíonta, Inbhuanaithe, Cuimsitheach] (11892/21 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3 – COM(2021) 573 final)
19. *The Council of Europe Convention on the Value of Cultural Heritage for Society* [Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí] (Coinbhinsiún Faro, 2005) (https://www.coe.int/en/web/culture-and-heritage/faro-convention)
20. *The Territorial Agenda 2030: a future for all places* [An Clár Oibre Críochach 2030: Chuile áit in áit mhaith] (https://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/brochures/2021/territorial-agenda-2030-a-future-for-all-places

## B. SAINMHÍNITHE

Chun críoch na gconclúidí seo ón gComhairle, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- Téarma Gearmáinise é 'Baukultur' (a chiallaíonn 'cultúr tógála' sa bhrí litriúil), coincheap a chiallaíonn gach gníomhaíocht dhaonna a athraíonn spásanna agus an timpeallacht mhaireachtála ar bhealach dearfach. Áirítear air sin foirgnimh atá ann cheana, lena n-áirítear séadchomharthaí agus gnéithe eile den oidhreacht thógtha, chomh maith le dearadh agus tógáil foirgneamh comhaimseartha, bonneagar, spásanna poiblí agus tírdhreacha atá leabaithe sa timpeallacht nádúrtha agus a bhaineann leis an timpeallacht sin. Tagraíonn Baukultur freisin do nósanna imeachta pleanála le haghaidh tionscadail tógála, bonneagar, cathracha, sráidbhailte agus tírdhreacha oscailte, agus le teicnící agus modhanna tógála traidisiúnta agus nuálacha. Tá tuiscint leathan intuigthe ag an tsochaí ar a bhfuil i gceist le cáilíocht agus freisin le huirlisí, nósanna imeachta agus cleachtais, agus is mar gheall air sin go baileach a úsáideadh an focal 'cultúr' sa téarma.

- Is é is 'timpeallacht thógtha' ann an spás atá mórthimpeall ar dhaoine, a mbíonn lámh ghníomhach acu ina mhúnlú agus a mbíonn tionchar aige, dá réir, ar shaol agus ar iompar na ndaoine. Áirítear air an timpeallacht mhaireachtála.

- Is éard atá i gceist le 'dearadh ciorclach' táirgí agus seirbhísí a chruthú nach leanann saolré ag a bhfuil tús, lár agus deireadh a thuilleadh. Is é an cuspóir atá leis táirgí a dhearadh is féidir a úsáid, a athúsáid agus a athchúrsáil, rud a fhágann gur lú an t-ídiú acmhainní, gur lú an dramhaíl agus gur mó an breisluach a chuirtear leis an éiceachóras. Is ar tháirgí agus seirbhísí a chruthú don gheilleagar ciorclach atá an dearadh ciorclach dírithe.

- Sraith ionstraimí é 'Córas Cáilíochta Baukultur Davos' lenar féidir cáilíochtaí 'Baukultur' áite a shainiú agus a mheas, mar a ndéantar luachanna sochaíocha, mothúchánacha agus cultúrtha a chur san áireamh agus a thomhas ar aon dul le gnéithe teicniúla agus feidhmiúla, le cúnamh na n-ocht gcritéar seo a leanas: rialachas, feidhmiúlacht, comhshaol, geilleagar, éagsúlacht, comhthéacs, ómós áite agus áilleacht.

- Is éard atá sa 'timpeallacht mhaireachtála' cumraíocht chothromaithe de thimpeallachtaí saorga agus nádúrtha, lena n-áirítear spásanna amuigh faoin aer agus spásanna faoi dhíon araon. Cuimsíonn pleanáil agus cruthú timpeallacht inbhuanaithe chomhtháite mhaireachtála (timpeallacht uirbeach nó, ar bhonn níos ginearálta, dearadh spáis) gníomhaíochtaí pleanála agus deartha (lena n-áirítear pleanáil spáis, ailtireacht, ailtireacht tírdhreacha), gníomhaíochtaí tógála agus comhordú spáis i gcás cinntí eile a bhaineann le cúrsaí spáis (amhail trácht agus deiseanna soghluaisteachta, seirbhísí fóntais, talmhaíocht etc.), agus é mar aidhm leis an méid sin feabhais a chur ar an timpeallacht mhaireachtála don oiread daoine agus is féidir go fadtéarmach trí bhíthin cinntí i dtaobh cúrsaí spáis.

- Cur chuige é an 'cur chuige áitbhunaithe' a dhíríonn ar imthosca sonracha áite agus a thugann ugach don phobal agus do raon leathan eagraíochtaí áitiúla ó earnálacha éagsúla a bheith gníomhach san fhorbairt agus sa chur chun feidhme.

- Foirne ailtirí de chuid riaracháin phoiblí iad 'Foirne Ailtirí Stáit agus Ailtirí Cathrach', arb é an misean atá acu ceannaireacht a léiriú i dtaobh deartha agus comhairle straitéiseach a chur ar an rialtas, chun dearadh foirgneamh poiblí a fheabhsú, cáilíocht spáis a chur chun cinn agus cultúr áiteoireachta a chothú.